Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Deireadh Fómhair 2024**
**(OR. en)**

**13952/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0414(COD)**

**CODEC 1866**
**SOC 720**
**EMPL 493**
**MI 833**
**DATAPROTECT 290**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre san obair ardáin **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 9 Nollaig 2021, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], bunaithe ar Airteagal 153(2), pointe (b), i gcomhar le hAirteagal 153(1), pointe (b), agus Airteagal 16(2) CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 23 Márta 2022[2].

3. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh an 29 Meitheamh 2022[3].

[1] 14450/21 + ADD 1-4.
[2] IO C 290, 29.7.2022, lch. 95.
[3] IO C 375, 30.9.2022, lch. 45.

4. An 24 Aibreán 2024, ghlac Parlaimint na hEorpa an seasamh uaithi ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún (gan athbhreithniú dlítheangeolaíoch). Tar éis do na dlítheangeolaithe bailchríoch a chur ar an téacs a glacadh, d'fhormheas an Pharlaimint ceartúchán a rinneadh ar an seasamh sin le linn an tseisiúin iomlánaigh a bhí aici ón 16 go dtí an 19 Meán Fómhair 2024. Is léiriú é sin ar an gcomhréiteach ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh sé inghlactha ag an gComhairle[4].

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis an méid sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 89/24 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Ghearmáin ag staonadh ón vótáil.

6. Leagtar amach an ráiteas le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo.

7. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

[4] 13364/24.